# Treoir Fhoghlaimeora ar Mheasúnacht de chuid

# MSLETB Ionad Oiliúna

Cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

msletb

# Clár Ábhair Leathanach


1. Réamhrá na treorach ........ 3
2. Cad is measúnacht ann? ........ 3
3. An mbeidh táillí le n-íoc agam? ........ 3
4. Cad é ábhar na measúnachta? ........ 3
5. Cén slí a dhéanfar an mheasúnacht? ........ 3
6. Cathain a dhéanfar an mheasúnacht? ........ 4
7. Má tá riachtanais ar leith agam, conas a thabharfar fúthu i rith na measúnachta? ........ 4
8. Cad a tharlóidh muna dteastaíonn uaim measúnacht a dhéanamh? ........ 4
9. Cad leis ar chóir dom a bheith ag súil ar lá na measúnachta? ........ 4
10. Cé a dhéanfaidh marcáil ar na measúnachtaí? ........ 4
11. Conas a ndéanfar grádú ar thorthaí na measúnachtaí? ........ 5
12. Cathain a bhfaighidh mé mo thorthaí? ........ 5
13. Cad a dhéanfaidh mé muna bhfaighidh mé pas sa mheasúnacht? ........ 5
14. Cad is féidir liom a dhéanamh muna bhfuil mé sásta le mo thorthaí? ........ 5
15. An bhfaighidh mé teastas do gach measúnacht ina bainim pas amach? ........ 5
16. Cad iad na rialacha ar lá na measúnachta? ........ 5
17. Cad a tharlóidh má bhrisim rialacha na measúnachta? ........ 6
18. Cad ba chóir dom a dhéanamh má táim breoite nó má tá éigeandáil teaghlaigh díreach roimh an mheasúnacht nó ar lá na measúnachta? ........ 6
19. Cad a tharlóidh muna dtagaim ar lá na measúnachta? ........ 6
20. Cad ba chóir dom a dhéanamh má éirím breoite i rith na measúnachta? ........ 7
21. An mbeidh tástálacha bréige lenar féidir cleachtadh a dhéanamh? ........ 7
22. Conas is féidir liom toradh maith a dheimhniú? ........ 7
23. Measúnacht: Déan agus Ná Déan ........ 7

## 1. Réamhrá na treorach

Cuspóir an leabhráin seo ná eolas a sholáthar duit ar mheasúnacht i ETB Ionad Oiliúna. Dearadh an leabhrán chun ceisteanna minice a fhreagairt agus chun tabhairt faoi chásanna a bheadh agat mar Fhoghlaimeoir. Ba chóir go léifeá go cúramach é, mar tá sé tábhachtach go mbeifeá feasach ar an eolas go léir atá ar fáil maidir le measúnacht.

Má tá aon cheist nó fi afraí agat maidir le measúnacht nach dtugtar faoi sa treoir seo, dean teagmháil le do Theagascóir/Oiliúnóir go díreach le do thoil.

## 2. Cad is measúnacht ann?

Is cuid thábhachtach den phróiseas foghlama í measúnacht.

Is féidir measúnachtaí a úsáid ar dhá chúis difriúla. Ar an gcéad dul síos, úsáidtear measúnachtaí chun faisnéis a sholáthar, a chuireann do Theagascóir/Oiliúnóir ar an eolas maidir le do dhul chun cinn ar an gcúrsa. Sa dara dul síos, úsáidtear iad chun a insint duit gur shroich tú an caighdeán ar gá leis chun teastas a fháil.

Tá slite difriúla chun measúnacht a dhéanamh maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh agat. Inseoidh do Theagascóir/Oiliúnóir duit faoin slí a dhéanfar measúnacht ort.

## 3. An mbeidh táillí le n-íoc agam?

Go ginearálta, ní bheidh ort táillí a n-íoc i gcomhair do mheasúnachta. Cuirfidh do Theagascóir/Oiliúnóir ar an eolas thú má bhionn gá le haon íocaíocht.

## 4. Cad é ábhar na measúnachta?

Beidh measúnacht déanta ar chuid d'ábhar an chúrsa/an chláir atá a dhéanamh agat. Beidhábhar an chúrsa/chláir bunaithe ar chaighdeán cáilithe a bhfuair faomhadh ó QQI/FETAC nó ó fhoras cáiliúcháin eile. Inseoidh do Theagascóir/Oiliúnóir níos mó duit faoin bhforas cáiliúcháin.

## 5. Cén slí a dhéanfar an mheasúnacht?

Tá mórán slite difriúla chun measúnacht a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha agat. Cuirfidh do Theagascóir/Oiliúnóir ar an eolas thú maidir le cad a bheidh i gceist anseo roimh duit an mheasúnacht a dhéanamh.

- Seans go n-iarrfar ort tabhairt faoi ghníomhaíochta nó gníomhaíochtaí a léireoidh d'fhoghlaim (e.g. measúnacht phraiticiúil, tarraingthe nó measúnacht bunaithe ar obair an chúrsa). Seans go n-iarrfar ort chomh maith freagraí a thabhairt ar cheisteanna (tástáil teoirice).
- Má tá tú ag glacadh páirt i dtástáil phraiticiúil, iarrfar ort rud éigin a chruthú nó tascanna áirithe a dhéanamh.
- Má tá tú ag glacadh páirt i dtástáil tarraingthe, iarrfar ort tarraingt a chruthú/a thógáil.
- Má tá tú ag glacadh páirt i dtástáil teoirice, iarrfar ort ceisteanna a fhreagairt.
- Má shásaíonn tú an caighdeán atá éilithe, gheobhaidh tú pas sa tástáil.
- Cuirfear ar an eolas thú maidir leis an gcaighdeán éilithe roimh duit aon tástáil a dhéanamh.

Má tá aon eolas sa bhreis faoin dtástáil de dhíth ort, cuir ceist ar do Theagascóir / Oiliúnóir le do thoil.

## 6. Cathain a dhéanfar an mheasúnacht?

Seans go ndéanfar an mheasúnacht i rith do chúrsa/chláir oiliúna, agus/nó ag deireadh do chúrsa/chláir oiliúna.

Tabharfaidh do Theagascóir/Oiliúnóir breis eolais duit maidir le dátaí.

## 7. Má tá riachtanais ar leith agam, conas a thabharfar fúthu i rith na measúnachta?

Nuair a chuir tú iarratas isteach i gcomhair do chúrsa/chlár, seans go raibh do riachtanais ar leithpléite agat le ball foirne de chuid ETB Ionad Oiliúna. Samplaí de riachtanais ar leith ná, cumas laghdaithe léimh nó scríofa, míchumas éisteachta nó radhairc, nó an riachtanas cathaoir rothaí a úsáid.

Mar sin féin, nuair a thosaíonn tú ar do chúrsa/chlár oiliúna, tá ort deimhin a dhéanamh de go bhfuil do Theagascóir/Oiliúnóir ar an eolas faoi do riachtanas ar leith. Beidh sé/sí ag plé an cás leat más rud é go mbíonn aon thacaíocht sa bhreis ag teastáil uait i rith na measúnachta. Luafaidh sé/sí chomh maith cad ar chóir duit a dhéanamh chun a dheimhniú go dtógfar do riachtanais i gcúram.

Má aontófar gur féidir leat tacaíochtaí a fháil i rith na measúnachta, inseofar duit faoi na socruithe dhá sheachtain go neasach roimh ré.

## 8. Cad a tharlóidh muna dteastaíonn uaim measúnacht a dhéanamh?

Mar a luadh cheana, is cuid thábhachtach den phróiseas foghlama í measúnacht. Ní bhaineann mórán daoine taithneamh as an bpróiseas measúnachta. Nuair a fhreastalaíonn tú ar do chúrsa/chlár go léir, tabharfar cabhair duit ullmhú a dhéanamh I gcomhair do mheasúnachta. Tuigfi dh do Theagascóir/Oiliúnóir muna dteastaíonn uait measúnacht a dhéanamh. Mar sin féin, tabharfaidh sé/sí an méid spreagtha gur féidir duit, agus cabhrófar leat ullmhú a dhéanamh don mheasúnacht.

Chun teastas a bhaint amach, beidh sé riachtanach duit pas a fháil i do mheasúnacht(aí). Muna ndéanann tú an/na measúnacht(aí), ní bhfaighfeá teastas.

## 9. Cad leis ar chóir dom a bheith ag súil ar lá na measúnachta?

I rith do chúrsa/chláir, cabhróidh do Theagascóir/Oiliúnóir leat ullmhúchán a dhéanamh don/do na measúnacht(aí). Tabharfaidh sé/sí sonraí duit maidir le cad leis ar chóir duit a bheith ag súil agus conas ar chóir tabhairt faoin mheasúnacht sa slí is fearr.

Ar lá na measúnachta, tabharfaidh do Mhaoirseoir Measúnachta treoracha soiléire duit. Tabharfar treoracha scríofa chomh maith.

Más rud é gur socraíodh tacaíochtaí chun riachtanas ar leith a shásamh, beidh sé seo ar fáil duit ar lá na measúnachta.

## 10. Cé a dhéanfaidh marcáil ar na measúnachtaí?

Go ginearálta, beidh do Theagascóir/Oiliúnóir ag marcáil do mheasúnachta. Beidh an mharcáil seo cothrom agus seans go ndéanfaidh daoine eile athbhreithniú uirthi.

## 11. Conas a ndéanfar grádú ar thorthaí na measúnachtaí?

Is féidir ceann amháin de **thrí** ghrád a bhronnadh ort.
**Pas:** Ciallaíonn sé seo gur bhain tú amach an t-íoschaighdeán atá éilithe.
**Atreoraithe do Bhreis Oiliúna/Measúnachta:** Ciallaíonn sé seo nár shroich do leibhéal gnóthachtála an t-íoschaighdeán atá éilithe.
**Creidiúint:** Ciallaíonn sé seo gur sháraigh tú an t-íoschaighdeán atá éilithe go mórmhór.
Ba chóir duit dul i mbun cainte le do Theagascóir/Oiliúnóir chun breis eolais a fháil faoi na gráid a mbíonn bronnta i gcomhair do chúrsa/chláir.

## 12. Cathain a bhfaighidh mé mo thorthaí?

Luafaidh do Theagascóir/Oiliúnóir leat cén am gur chóir duit bheith ag súil le do thorthaí. Go ginearálta, beidh na torthaí ar fáil chomh luath tar éis na measúnachta is gur féidir.

## 13. Cad a dhéanfaidh mé muna bhfaighidh mé pas sa mheasúnacht?

Muna bhfaigheann tú pas sa mheasúnacht, beidh an deis agat tabhairt faoin mheasúnacht arís a luaithe is féidir. Tá sé riachtanach go mbeidh cúig lá idir an chéad mheasúnacht agus an athdhéanamh ar mheasúnacht scríofa. Tabharfaidh do Theagascóir / Oiliúnóir eolas duit faoi mheasúnachtaí a athdhéanamh. Tabharfaidh sé/sí eolas duit chomh maith maidir le conas ar chóir duit ullmhúchán a dhéanamh sa slí is fearr don athmheasúnacht.

## 14. Cad is féidir liom a dhéanamh muna bhfuil mé sásta le mo thorthaí?

Tá sé de cheart agat do pháipéir fhreagraí measúnachta a fheiceáil. Inseoidh do Theagascóir/ Oiliúnóir duit faoin slí gur féidir leat fáil ar do pháipéir fhreagraí.

Tá sé de cheart agat chomh maith do thoradh a cheistiú. Is féidir leat iarratas a dhéanamh chun do thorthaí a sheiceáil, nó i gcúinsí speisialta, is féidir leat 'Achomharc' a iarraidh, áit a mbíonn iniúchadh níos mionsonraithe ar fheidhmíocht do mheasúnachta.

Ba chóir duit dul i mbun cainte le do Theagascóir/Oiliúnóir maidir le conas achomharc ar do thorthaí a iarraidh.

## 15. An bhfaighidh mé teastas do gach measúnacht ina bainim pas amach?

Braitheann sé seo ar an gcáiliúchán atá ag teastáil uait. Don chuid is mó, beidh ar Fhoghlaimeoirí líon áirithe measúnachtaí a bhaint amach chun cáiliúchán mór a fháil. I gcásanna eile, beidh teastas bronnta ar Fhoghlaimeoirí do gach measúnacht ina baineann siad pas amach. Tabharfaidh do Theagascóir/Oiliúnóir breis sonraí duit.

## 16. Cad iad na rialacha ar lá na measúnachta?

Tá sé riachtanach go mbeidh tú ar an eolas faoi roinnt rialacha. Beidh siadsan ar fáil ó do Theagascóir/Oiliúnóir. Deán iarratas dóibh muna mbíonn siad faighte agat le do thoil. Má bhriseann tú rialacha na measúnachta, cás tromchúiseach a bheidh ann i dtuairim ETB Ionad Oiliúna.

**Ba chóir go mbeidh an méid seo ar eolas agat:**

- Níl cead agat fóin phóca nó gléasanna cumarsáide eile a thabhairt isteach i seomra na measúnachta
- Tá sé riachtanach duit an mheasúnacht a chomhlánú gan chabhair ó éinne eile (ach amháin má tá tú ag fáil tacaíocht sa bhreis de bharr riachtanais ar leith)
- Tá sé riachtanach nach dtugann tú cabhair d'Fhoghlaimeoirí eile ná nach gcuireann tú isteach ar a n-obair
- Caithfi dh tú stopadh leis an obair láithreach nuair a mbíonn am na measúnachta thart
- Ní cead agat páipéir mheasúnachtaí, leabhráin fhreagraí, grafpháipéar, páipéar garbh, etc. a bhaint ó sheomra na measúnachta, fi ú nuair a bhíonn an mheasúnacht thart

**Níl cead agat caimiléireacht a dhéanamh. Sainíonn** ETB Ionad Oiliúna **cion na caimiléireachta mar seo a leanas:**

- Páipéar measúnachta a fháil roimh a scaoileadh amach
- Cóipeáil a dhéanamh ar aon ábhar measúnachta gan chead, m.sh páipéir mheasúnachta, freagraí samhla, treoracha foghlaimeora, srl.
- Ábhar neamhúdaraithe a úsáid nó iarracht a dhéanamh an t-ábhar sin a úsáid i rith measúnachta, is é sin: fóin phóca, leabhair, nótaí, áiseanna éisteachta nó ábhair eile
- Cabhair a thabhairt nó a fháil ó Fhoghlaimeoir eile nó ó aon dhuine eile, áit a mbíonn cosc ar a leithéid cabhrach
- Cóipeáil ar fhocail dhaoine eile (bradaíl). Má úsáideann tú focail nó tuairimí dhaoine eile i do mheasúnacht, beidh ort lua go soiléir nach bhfuil d'fhocail/thuairimí féin i gceist, agus beidh ort a rá cad as ar tháinig siad

## 17. Cad a tharlóidh má bhrisim rialacha na measúnachta?

Má bhriseann tú rialacha na measúnachta, seans go mbeidh cuid de do mheasúnacht, nó an mheasúnacht go léir, cealaithe. Beidh bronnadh an teastais ag brath ar thoradh iniúchta maidir le d'iompraíocht i rith na measúnachta.

Seans go gcuirfear cosc ort chomh maith aon mheasúnacht eile a thógáil I ETB Ionad Oiliúna.

## 18. Cad ba chóir dom a dhéanamh má táim breoite nó má tá éigeandáil teaghlaigh díreach roimh an mheasúnacht nó ar lá na measúnachta?

Má tá tú breoite nó má tá éigeandáil agat ar an lá nó ar na laethanta díreach roimh an mheasúnacht, ba chóir duit do Theagascóir/Oiliúnóir a chur ar an eolas a luaithe is féidir. Tabharfaidh sé/sí comhairle duit maidir le cad ba chóir duit a dhéanamh.

## 19. Cad a tharlóidh muna dtagaim ar lá na measúnachta?

Muna dtagann tú i gcomhair measúnachta gan chúis bhailí, beidh sé seo áirithe mar iarracht an mheasúnacht a dhéanamh. Tabharfaidh do Theagascóir/Oiliúnóir breis eolais duit.

## 20. Cad ba chóir dom a dhéanamh má éirím breoite i rith na measúnachta?

Ba chóir duit do Mhaoirseoir Measúnachta a chur ar an eolas agus cabhróidh sé/sí leat tabhairt faoin gcás.

## 21. An mbeidh tástálacha bréige lenar féidir cleachtadh a dhéanamh?

De ghnáth, ní chuimsíonn cúrsa/cláir aon thástáil bhréige oifi giúla. Mar sin féin, tabharfar gach deis duit cleachtadh a dhéanamh ar na scileanna atá á bhfoghlaim agat.

## 22. Conas is féidir liom toradh maith a dheimhniú?

Chun toradh maith a bhaint amach sa mheasúnacht, ba chóir duit a dheimhniú go bhfreastalaíonn tú ar gach rang agus go gcomhlánaíonn tú d'obair chúrsa go léir. Éist le comhairle do Theagascóir/Oiliunóir. Glac páirt i ngach rud chomh fada is féidir leat.

Ná bíodh eagla ort ceisteanna a chur.

## 23. Measúnacht: Déan agus Na Déan

**Déan**

- Déan deimhin de go mbíonn a fhios agat CÉN ÁIT agus CATHAIN a bheidh do mheasúnacht ar siúl
- Déan an méid ullmhúcháin is gur féidir
- Tar i dtráthúlacht (20 noiméad luath ar a laghad)
- Tabhair ID leat
- Léigh na rialacha go cúramach
- Múch do fóin phóca
- Éist go cúramach leis na treoracha
- Fág do mhálaí, do chóta, leabhair, etc. i limistéar sainithe
- Cuir do lámh suas go ciúin má theastaíonn uait aird an Mhaoirseora Measúnachta a fháil
- Fan ciúin i rith measúnachtaí scríofa
- Déan iarracht a bheith calmúil!

**Na déan**

- Ná lig d'éinne iarraidh ort a m(h)easúnacht a dhéanamh dóibh
- Ná cuir isteach ar Fhoghlaimeoirí eile
- Ná déan caimiléireacht
- Ná bris na rialacha
- Ná fág an seomra measúnachta munar thug an Maoirseoir/Measúnóir cead duit
- Ná bí ag ithe, ag ól ná ag caitheamh tobac i limistéar na measúnachta. Má tá sé riachtanach duit ithe/ól do chúis liachta, beidh ort do Theagascóir/Oiliúnóir a chur ar an eolas a luaithe is féidir (ag tús do chúrsa/chláir oilúna más féidir). Déanfar gach iarracht chun do riachtanais a shásamh

# Bíodh an tÁdh Leat agus Ná Bí Anbhách!